

→ Sráidainmneacha
agus Logainmneacha
→ *Streetnames
and Placenames*

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Bóthar na Mara
Dún Laoghaire
Co. Bhaile Átha Cliath

T: 01 205 4700

F: 01 280 6969

www.dlrcoco.ie

Rphost: corp@dlrcoco.ie

Dearadh: CroninDesigns.ie

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte

Clár

Nóta Buíochais	v
Réamhrá – An Dr. Pádraig Ó Cearbhaill	vi
Tagairtí:	xxvi
A	1
B	12
C	23
D	39
E	40
F	40
G	42
H	48
I	49
L	49
M	52
N	53
O	54
P	54
R	65
S	66
T	68
W	69
Y	69

Nóta Buíochais

Tá an-áthas orm go bhfuil liosta oifigiúil de shráidainmneacha/logainmneacha i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin curtha ar fáil i nGaeilge and i mBéarla ag an gComhairle.

Is cuid thábhachtach d'oidhreacht an chontae iad na sráidainmneacha agus na logainmneacha agus tugann siad léargas speisialta ar stair an chontae. Cabhróidh an liosta oifigiúil seo leis an oidhreacht sin a chaomhnú. Ba chóir, dá bhrí sin, go mbeadh liosta oifigiúil ar fáil go forleathan.

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle, ós rud é go bhfuil liosta oifigiúil againn anois, an leagan cruinn Gaeilge de na sráidainmneacha/logainmneacha a chur ar na comharthaí bóthair de réir a céile.

Tá buíochas ar leith ag dul don Dr. Pádraig Ó Cearbhaill, Ardoifigeach Logainmneacha, sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, as a shaothar agus, go háirithe, as an réamhrá léannta atá curtha aige leis an leabhrán seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le Dónall Mac Giolla Easpaig, An Príomhoifigeach Logainmneacha, agus le Caoimhe Ní Shúilleabháin, iarbhall den Bhrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, as ucht na cabhrach a thug siad don Chomhairle sa tionscnamh seo.

Gabhaim buíochas chomh maith leis na baill foirne seo a leanas ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: Máirín Mac Góráin, Seirbhísí Corparáideacha, Dara Breathnach sa Roinn Iompair agus Colm Ó hUiginn a bhí ag obair mar mhac léinn samhraidh ar an tionscnamh.

Mo bhuíochas freisin le Máire Uí Iarnáin, IARNÁIN M, Seirbhís Ghairmiúil Aistriúcháin.

Tá liosta oifigiúil na sráidainmneacha agus na logainmneacha ar fáil anois ar shuíomh idirlín na Comhairle, www.dlrcoco.ie.

Owen P Keegan

Bainisteoir Contae

1ú Lúnasa 2011

Réamhrá – An Dr. Pádraig Ó Cearbhaill

Sráidainmneacha agus Logainmneacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Is sráidainmneacha agus logainmneacha éagsúla atá i limistéar riaracháin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na hainmneacha atá bailithe le chéile san fhoilseachán seo. Ba í Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a d’ullmhaigh bunliosta na sráidainmneacha agus ba é An Brainse Logainmneacha, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a rinne an taighde ar na leaganacha Gaeilge de na hainmneacha.

Áirítear le ‘sráidainmneacha’ sa chomhthéacs seo ainmneacha eastáit tithíochta, bloic árasán, bóithre agus sráideanna, agus is éard atá i gceist le ‘logainmneacha’ ainmneacha bailte fearainn, paróistí agus barúntachtaí chomh maith le logainmneacha stairiúla éagsúla eile lena n-áirítear ainmneacha geografacha. Is léir go mbíonn trasnú idir an dá chineál ainmneacha seo ó tharla go dtarraingítear ar logainmneacha nuair a bhíonn sráidainmneacha á gcumadh. Tá isteach agus amach

le 2,100 ainm ar an liosta seo. Tabhair do d’aire nach dtugtar sráidainmneacha a bhfuil níos mó ná sampla amháin díobh i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin – Ascaill Brighton, mar shampla, a bhfuil ceann díobh i gCarraig Mhaighin agus ceann eile i mBaile na Manach – ach an t-aon uair amháin ar an liosta.

Tríd is tríd, is í an chuid sin de bharúntacht Ráth an Dúin atá istigh i gCo. Bhaile Átha Cliath atá i gceist le réigiún Dhún Laoghaire-

Ráth an Dúin – is é an ceantar taobh léi i gCo. Chill Mhantáin an leathbharúntacht eile. Roinneadh an bharúntacht ina dhá cuid nuair a leagadh amach contae Chill Mhantáin sa bhliain 1605. Tugtar roinnt de na difríochtaí is fiú le rá atá idir an limistéar atá i mbarúntacht Ráth an Dúin agus an ceantar níos lú ach níos nua-aimseartha, is é sin Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, anseo thíos. Tá cuid de sheanpharóiste dlí Dhomhnach Broc sa chuid thoir thuaidh den bharúntacht (agus Galfchúrsa Pháirc na Leamhán ann mar shampla) taobh amuigh de limistéar riaracháin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ní chuirtear Ráth Garbh, Tír an Iúir, Camaigh, Sruthán na Sailí ná Baile Baodáin, ar cuid de bharúntacht Ráth an Dúin gach ceann díobh, san áireamh i limistéar riaracháin an lae inniu: síneann teorainn riaracháin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin feadh imeall thiar Ghalfchúrsa Pháirc an Chaisleáin i Ráth Fearnáin agus thart timpeall ar Bhaile an tSaoir níos faide ó dheas. Ní thagann teorainneacha thiar theas na barúntachta agus an limistéir riaracháin le chéile ach oiread. Cé gur faoi Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin atá na bailte fearainn Tigh Bródáin agus An Gleann Dubh

anois, is le barúntacht na Croise Uachtaraí, atá siar ó bharúntacht Ráth an Dúin, a bhaineann siad go stairiúil.

Is réamhrá gearr atá anseo agus dá bhrí sin ní bheidh ar mo chumas eolas a thabhairt ach faoi chuid de na hainmneacha agus tá siad sin rangaithe mar seo a leanas agam:

- 1 Ainmneacha Barúntachtaí;
- 2 Paróistí;
- 3 Bailte Fearainn;
- 4 Logainmneacha nach ainmneacha riaracháin iad;
- 5 Logainmneacha Sasanacha;
- 6 Logainmneacha iasachta eile;
- 7 Logainmneacha seachtracha Éireannacha;
- 8 Sloinnte, ainmneacha pearsanta agus teidil;
- 9 Flora agus Fauna;
- 10 Ainmneacha nach léir a mbrí.

Tarraingíodh ar roinnt mhaith ainmneacha traidisiúnta, lena n-áirítear formhór ainmneacha na mbailte fearainn agus na bparóistí atá i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin nuair a bhí sráidainmneacha á gcumadh, agus tarraingíodh ar ainmneacha seanbhunaithe eile nach ainmneacha riaracháin iad. Dá bhrí sin tá os cionn ochtó ainm baile fearainn agus paróiste, chomh maith le hainm na barúntachta féin, Ráth an Dúin, ar an liosta seo de shráidainmneacha.

Ainm na Barúntachta:

Phléigh Liam Price an t-ainm Ráth an Dúin in alt a foilsíodh in *Éigse*, iris an léinn Ghaelaigh, sa bhliain 1954 agus ina dhiaidh sin ina thuairisc ar logainmneacha Cho. Chill Mhantáin, (Price, 1957, 323). Is dócha gur thagair an ráth sa chás seo d'imfhálú a bhíodh i mbaile fearainn Ráth an Dúin, atá suite ó dheas ó Cheann Bhré i gCo. Chill Mhantáin. Thuairimigh Price gur as 'some personal name', amhail **Donn**, a tháinig an dara cuid den ainm. Ar aon chuma ba **Ráith an Dúin** an t-ainm Gaeilge a thugtaí air sa dara leath den séú céad déag, óir is mar sin atá sé tugtha síos i ndrúacht molta a cumadh roimh 1579 do **Aodh mac Seaáin Ó Broin**, taoiseach Chríoch Bhranach mar a bhfuil Co. Chill Mhantáin an lae inniu, (Mac Airt, 1944, 72). Tharlódh gur **Ráth Dúin**, ónar tháinig **Ráth an Dúin**, a chuireann cuid de na samplaí scríofa is luaithe den logainm in iúl, mar shampla *Radoon* (1300c) agus *Rathdoun* (1303).

Paróistí:

Caithfidh mé súil anois ar chuid d'ainmneacha na bparóistí i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Paróistí dlí is ea na paróistí sin a bhfuilim ag tagairt dóibh agus a d'fhás, a bheag

nó a mhór, as paróistí eaglasta na meánaoiseanna. Ní ionann iad ar go leor bealaí agus líonra pharóistí Caitliceacha an lae inniu. Ní paróiste dlí ceann ar bith de na paróistí Caitliceacha seo a leanas, mar shampla: An Charraig Dhubh, Dún Laoghaire, Carraig an tSionnaigh ná Glas Tuathail. Bhí formhór na n-ainmneacha a bhí ar na paróistí dlí ar taifead i gcáipéisí chomh luath leis an dara céad déag nó an tríú céad déag, is é sin le rá go raibh na hainmneacha bunaithe go maith faoin am sin. Is ann do chúpla eisceacht a bhfuil dáta níos deireanaí leo: tá paróiste Bhaile an Bhóthair níos deireanaí ná na suirbhéireachtaí talún a rinneadh i lár an seachtú céad déag, mar shampla an *Down Survey* agus an *Civil Survey*. De réir léarscáil bharúntachta an *Down Survey* ba chuid de pharóiste Bhaile na Manach é baile fearainn *Butterstowne* cé gur isteach le paróiste Dhomhnach Broc a cuireadh é sa *Civil Survey*. Taispeánann tagairtí a rinneadh roimhe sin do Bhaile an Bhóthair, ar nós *Ballybother* (1408) agus *Baliboter alias Boteriston* (1541) gur aistriúchán ar **Baile an Bhóthair** é an t-ainm Béarla. Ghlac cainteoirí Béarla in Éirinn go deimhin an focal Gaeilge **bóthar** chucu féin. Tá na

samplaí seo a leanas den fhocal ag Ó Muirthe (2002, 43) i mBéarla na hÉireann: *batter, boker, bater, boagher*.

Is timpeall na bliana 1540 atá na tagairtí is luaithe againn don logainm Baile na Manach. I gcuntas a tugadh ar shealúchas Mhainistir Mhuire a bhí ag na Cistéirsigh i mBaile Átha Cliath nuair a díscaoileadh an mhainistir úd, rinneadh tagairt do *Caribrynan alias Monketon*. Tá tagairtí a rinneadh roimhe sin, áfach, i bhfoinsí eaglasta Laidine ó dheireadh an dara céad déag amach, amhail Cláir Chairteanna Mhainistir Mhuire, do *Karibrenan* (bliain 1171) i dteannta malairtí litrithe. Is ionann an t-ainm deireanach agus **Carraig Bhraonáin**. Tá an sloinne **Ó Braonáin** bunaithe freisin ar an ainm pearsanta, **Braonán**. Dealraíonn sé gur leagan Béarla den sloinne é an t-ainm *Brenanstown* mar atá i mBéarla ar an mbaile fearainn (nó *Balybrenan* mar a bhíodh níos luaithe air ag dul siar go dtí 1326 arb ionann é agus **Baile Uí Bhraonáin**) agus ar a mbunaitear sráidainmneacha, amhail *Brennanstown Avenue / Ascaill Bhaile Uí Bhraonáin*. Cé gur Baile na Manach an t-ainm atá in úsáid in áit an ainm **Carraig Bhraonáin** mar sin féin maireann an t-ainm ba luaithe a bhíodh air fós

i sráidainmneacha cosúil le Bóthar Charraig Bhraonáin agus Plásóg Charraig Bhraonáin.

Cluinkeun (Sheehy, 1962, 28) atá mar thagairt don Chill, nó Cill na Gráinsí, i luathfhoinsí eaglasta, mar shampla sa bhulla a chuir an Pápa chuig ardeaspag Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1179. Bunús Gaeilge freisin atá leis an ainm seo, **Cluain C(h)aoín**. Tá roinnt eaglaisí luatha den ainm céanna in Éirinn. Tá ‘Fintan Cluana Caín’, mar shampla tugtha síos i leagan de ghinealaigh na Naomh Éireannach atá caomhnaithe i lámhscríbhinn ó thús an dara céad déag a cuireadh le chéile i nGleann Dá Loch (Ó Riain, 1985, 146). Ó tharla go bhfuil Naomh Fiontan á lua le fada le teampall Chluain Caoin – féach mar shampla an tagairt ón mbliain 1504 do ‘the church of St Fintan of Clonkene’ in *Archbishop Alen’s Register* (McNeill, 1950, 256) – shamhlóinn go mb’fhéidir gur don fhondúireacht eaglasta chéanna a thagair an sampla Gaeilge roimhe sin. Cé nach maireann Cluain Caoin ina ainm ar pharóiste ná ar bhaile fearainn feasta tá sé fós i sráidainmneacha ar nós Corrán Chluain Caoin, agus araile. Is as an bhfocal Gaeilge **cill** (go bunúsach an tuiseal tabharthach uatha de **cell, ceall** níos deireanaí) a thagann an chéad

mhír den ainm Cill na Gráinsí. Ba le Canónaigh Bhána Phríóireacht na Tríonóide Naofa (Teampall Chríost) i mBaile Átha Cliath an sealúchas. Feirm fhorimeallach atá ag gabháil le háitreabh eaglasta an bhrí atá leis an bhfocal Béarla *grange*, agus is focal iasachta as an bhFraincis é (ach oiread leis an bhfocal Gaeilge **gráinseach** a bhfuil an bunús céanna leis). Tá sé caomhnaithe freisin san ainm *Deansgrange / Gráinseach an Déin*, baile fearainn ar leith i bparóiste na Cille (Cill na Gráinsí) – bronnadh an teampall agus an talamh ar dhéan Theampall Chríost nuair a cuireadh an Phríóireacht faoi chois agus nuair a rinneadh í a leasú sna blianta 1541-2 (Ronan, 1941, 44).

Tá **cill** chun tosaigh sna hainmneacha paróiste seo a leanas, Cill Ghobáin / Kilgobbin, Cill Iníon Léinín / Killiney, Cill Mochuda / Kilmacud, Cill Tiarnáin / Kiltiernan. Is ainm pearsanta – ainm naoimh nó ainm bhunaitheoir an teampaill, de réir dealraimh – a cháilíonn an focal **cill** i ngach aon chás seachas **Cill Iníon Léinín**. ‘Teampall iníonacha **Léinín**’ an bhrí atá le **Cill Iníon Léinín**. Ainmnítear seachtar iníonacha **Léinín** (‘secht n-ingena Léiníne’ Ó Riain, 1985, 36) go sonrathach i ngingealaigh na Naomh Éireannach

atá caomhnaithe sa Leabhar Laighneach, lámhscríbhinn atá againn ó lár an dara céad déag. (Tabhair do d’aire gur cosúil gur nós foirmleach ab ea é go luaití seachtar iníonacha le teampall ar leith.) Is dócha gur bunaíodh Cill Iníon Léinín ag teannadh le deireadh an séú céad nó i dtús an seachtú céad, mar ba sa dara leath den séú céad a bhí a ndeartháir, **Colmán mac Léinín**, i mbarr a réime.

Is focal iasachta as an Laidean *cella* é **cill** ach is focal dúchasach é an focal Gaeilge **teach** (tabharthach uatha **tigh**) agus is minic a chuireann sé teampall luath in iúl i logainmneacha. Samplaí a bhaineann le hábhar i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iad na hainmneacha paróiste Stigh Lorgan / Stillorgan agus Teach Naithí / Taney. Is iondúil, cé nach amhlaidh an cás i gcónaí, go mbíonn an túslitir ‘s’ leis an gcéad logainm sna luathcháipéisí Laidine, mar shampla *Stachlorgan* (1212c), *Stachlorgan* agus *Tachlorgan* (1240), agus mar mhalairt air sin is iondúil go dtosaíonn **Teach Naithí** le ‘t’ nó ‘th’ sna luathcháipéisí, mar shampla *Tignai* (1179), *Thachnehy* (1181c), i gcodarsnacht le *Stahney* (1192). Is minic a fhaightear *St-* na leaganacha ***Steach / Stigh**

chun tosaigh i logainmneacha thuaisceart Laighean agus is dócha gurb é gur tháinig siad faoi anáil na ndobhriathra **isteach, istigh** ar **teach, tigh** is bunús leo freisin. Maidir leis an athrú fuaime seo a tharlaíonn ar uairibh ach nach mbaineann de réir dealraimh ach leis an bhfocal **teach**, cuireadh i gcéill gurbh é tionchar na Lochlannach nó tionchar na Normannach a bhí taobh thiar de (Joyce, 1869, 66-7; O’Rahilly, 1930, 160-2). Cé go ndearaíonn sé go bhfuil an dara mír den ainm Stigh Lorgan doiléir ó thaobh brí de, bheinn ar aon tuairim le hÉamonn de hÓir (1975, 134), a thug le fios nár tháinig sé ón ainm pearsanta **Lorcán**. Tá caolseans ann sa chás seo, mar atá i logainmneacha eile, gurb é an tuiséal ginideach den ainmfhocal Gaeilge **lorga** é **Lorgan**, a chiallaíonn ní amháin ‘shin’, ach ‘ridge’ freisin nuair is ag tagairt don tírdhreach a bhítear.

Ainm paróiste eile atá doiléir ar an gcéad amharc is ea *Oldconnaught* / **Seanchonach** láimh le Co. Chill Mhantáin. Níor cuireadh an aidiacht *old* leis an ainm Béarla go dtí an t-ochtú céad déag. Maidir leis an ainm Gaeilge de, ba chuimhin le roinnt seanáitreabhach sa bhliain 1837 go dtugtaí ‘Sean chonnach’ ar an áit tráth (*Litreacha na*

Suirbhéireachta Ordanáis, Co. Bhaile Átha Cliath). **Conach** an t-ainm Gaeilge a bhí air sa séú céad déag agus b’fhéidir gur leagan giorraithe den ainm **Conachadh** é sin, agus gur cailleadh an siolla deiridh neamhaiceanta; ‘hound-field’ an bhrí atá leis. Is é an logainm seo bunús sráidainmneacha amhail Siúlán Sheanchonach agus Ascaill Sheanchonach.

Bailte Fearainn:

Ba mhaith liom anois díriú isteach ar na trí cinn is ceithre scór d’ainmneacha bailte fearainn atá i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar baineadh leas astu nuair a bhí na sráidainmneacha á gcumadh. Chuir Éamonn de hÓir (1980-1, 4) síos go hachomair mar seo a leanas ar bhaile fearainn: ‘Townlands are administrative units, subdivisions of the parish, with defined boundaries. Their areas vary considerably ... Each of these townlands has a name ... The basic townland nomenclature was settled before 1600, although occasional additions and other changes have been made to it since, and, of course, many of the names go back very far beyond that date ...’. D’fhéadfadh sé freisin gur ainm baile fearainn é an t-ainm paróiste agus is fíor a rá gur bailte fearainn iad go leor de na paróistí, cosúil le

Boosterstown / Baile an Bhóthair ar thagair mé dóibh roimhe seo.

Tugann an logainm sin atá díreach luaite agam sampla dúinn den dá mhír is coitianta sna bailte fearainn i mbarúntacht Ráth an Dúin, is iad sin an focal Gaeilge **baile** – agus an leagan Béarlaithe *bally* air go hiondúil cé go mbíonn *bal-* air anois is arís, go háirithe i dtuaisceart Cho. Bhaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaird – móide an focal Béarla *town / -ton*. Tá sé le tabhairt faoi deara againn as an sampla roimhe seo go bhfuil ceangal idir an dá fhocal i logainmníocht na hÉireann: aistriúchán ar an ainm **Baile an Bhóthair** is ea *Boosterstown* agus, mar a chonaiceamar cheana, is *Balybrenan* (< **Baile Uí Bhraonáin**) seachas *Brenanstown* atá ar taifead sna luathcháipeisí. Gné shuntasach a ghabhann le roinnt bailte fearainn eile sa limistéar is ea patrún seo an fhocail **baile** a bheith á aistriú go *town*, *féach Leopardstown* as *Ballenelower* (dar dáta 1534), ar litriú Béarla é ar an logainm **Baile na Lobhar**; is mar seo a leanas a tugadh síos ina dhiaidh sin é, ‘Ballinlowra otherwise Lipperstown’ (1610). Maidir le bunús an logainm áirithe sin, féadfaimid a thabhairt d’ár n-aire gur bronnadh an áit, sa bhliain 1230 ar ospidéal Stiabhna, ospidéal na lobhar, i mBaile Átha

Cliath (Gwynn & Hadcock, 1970, 353).

Is tuilleadh samplaí iad na logainmneacha seo a leanas den déscaradh Gaeilge-Béarla **baile / town: Baile Uí Lachnáin / Loughlinstown** (roimhe sin *Ballyloughnane* 1546-7) agus *Laughanstown* nó *Lehaunstown / Baile an Locháin* (= **Baile an Locháin**, séú céad déag); sa chéad logainm tá sloinne Gaelach i ndiaidh **baile** agus sa dara ceann tá **an lochán** ar a lorg sa tuiseal ginideach uatha. Níor taifeadadh an focal **baile**, a raibh an bhrí shimplí ‘áit’ leis, mar mhír i logainmneacha go dtí lár an dara céad déag. D’fhéadfadh go mbeadh an bhrí aonad lonnaíochta (áitreabh, áitreabh feirme), baile fearainn nó fiú baile (mór) leis i logainmneacha. Mar a deir Flanagan (1978, 10): ‘the use of *baile* was considerably accelerated by the Anglo-Norman use of Latin *villa* and English *tún* (town) qualified by the name of a feudal tenant... *Baile* was regarded as the Irish equivalent of these terms’. Is samplaí d’ainmneacha de bhunús Angla-Normannach agus *-town* ar a lorg iad na hainmneacha seo a leanas atá i mbarúntacht Ráth an Dúin: *Rochestown*, a cuireadh ar taifead den chéad uair sa bhliain 1408 mar *Rocheston*, agus *Cornelscourt*

a tháinig as *Cornerstown* (dar dáta timpeall is 1326) – is sloinnte Angla-Normannacha ón bhFraincis iad *Roche* agus *Corner*. Ní dochar ach oiread súil a chaitheamh ar shamplaí spéisiúla eile de bhailte fearainn a bhfuil an focal **baile** ina dtús: Baile Amhlaoibh / Balally ba bhunús le sráidainmneacha mar Balally Park / Páirc Bhaile Amhlaoibh, Ballawley Court / Cúirt Bhaile Amhlaoibh agus Ballyolaf Manor / Mainéar Bhaile Amhlaoibh. Ainm pearsanta iasachta is ea **Amhlaoibh (Amlaibh** roimhe sin) as an tSean-Lochlainnis *Áleifr* (Marstrander, 1915, 61-2) atá le fáil i bhfoinsí Gaeilge chomh fada siar leis an naoú céad agus a ghlac na Gaeil chucu féin ina dhiaidh sin. Tá na samplaí is luaithe de agus é ina ainm ar Éireannaigh ar taifead ón aonú céad déag, mar atá tugtha síos ag Ó Cuív (1979, 48). Leaganacha nua-aimseartha loruaise den ainm céanna iad *Olaf* agus *Olav*. Ar aon nós is logainm Gaeilge é **Baile Amhlaoibh**, bíodh an té a bhfuil a ainm caomhnaithe ann de bhunús Lochlannach nó de bhunús Éireannach. Is amhlaidh atá le *Ballycorus* freisin mar gur leagan Béarlaithe den logainm Gaeilge, **Baile Mhic Fheorais**, atá ann – is ainm athartha nó sloinne é **Mac Fheorais**, agus is leagan

iasachta é **Feoras** den ainm Angla-Normannach *Piers*, leagan luath de *Pierre*.

Tá sloinne nó ainm pearsanta ar lorg go leor d’ainmneacha na mbailte fearainn atá pléite go dtí seo a thosaíonn leis an bhfocal **baile**. Tá thíos tuilleadh samplaí den fhocal **baile**, agus an t-alt faoi réir aige sa chás seo agus ainmfhocal sa ghinideach ar a lorg: **Baile an tSaoir** / *Ballinteer*, nó an leagan scríofa eile de, *Ballintyre* agus **Baile an tSléibhe** / *Ballinlea*, ar taifeadadh an leagan *Ballintlea* de sa bhliain 1611. Is féidir **baile** agus aidiacht a chur i dteannta a chéile chomh maith, féach **An Baile Breac** / *Ballybrack*, ainm dhá bhaile fearainn i mbarúntacht Ráth an Dúin, agus is sráidbhaile ceann díobh freisin.

Ba as an nGaeilge go deimhin a tháinig beagán le cois a leath de na hainmneacha atá ar na bailte fearainn i mbarúntacht Ráth an Dúin. Tá an líon sin beagán níos airde ná líon iomlán na n-ainmneacha bailte fearainn i gCo. Bhaile Átha Cliath a thagann as an nGaeilge, .i. os cionn an tríú cuid den iomlán dar le de hÓir (1975, 138). Beagán samplaí d’ainmneacha Gaeilge atá iontu seo a leanas a chuireann síos ar an tírdhreach, seachas logainmneacha

ina bhfuil téarmaí lonnaíochta ar nós **baile** / *-town*, **cill** agus araile: **Barr na Slinneán** / *Barnaslingan*, ag tagairt is dócha don **Scailp** / *The Scalp*, arb í teorainn thoir theas an bhaile fearainn í; / **Barr na Coille** / *Barnacullia*; **Corcach** / *Cork* as a bhfaigheann **Mainistir Chorcaí** / *Corke Abbey* a hainm; **Gleann Cuilinn** / *Glencullen*; **Seangánach** / *Shanganagh*, ‘áit na seangán’ agus ar deireadh *Woodside* ar aistriúchán beacht é ar an mbunainm Gaeilge **Taobh na Coille** (= *Tynekilly*, 1654).

Tá dhá logainm de bhunús Lochlannach sa réigiún. Freagraíonn *Dalkey*, atá ar taifead i litir ón bpápa dar data 1199 (Sheehy, 1962, 65-6), do *dálk-øy* na Lochlainnise, agus is aistriúchán glan ar an ainm Gaeilge **Deilginis** (**Deilcinis** roimhe sin) é, a chiallaíonn ‘oileán na deilge’. Is iad na focail Sean-Lochlainnise *blá-vík*, a chiallaíonn ‘cuan gorm (nó dorcha’ an bunús atá le *Bullock*, nó *Blowike*, *Blowyk* (1345) tráth, calafort láimh le Deilginis, a raibh tábhacht leis sna meánaoiseanna. Pléitear an dá logainm seo in Mac Giolla Easpaig (2001, 454 agus 468). Is as an mBéarla an chuid is mó d’ainmneacha na mbailte fearainn nach as an nGaeilge iad. Gné amháin a bhaineann le roinnt de na hainmneacha Béarla atá ar bhailte fearainn agus ar díol suntais í is

ea a dhéanaí atá siad; ní raibh aon cheann de na hainmneacha seo, mar shampla, ar taifead i gcáipéisí roimh an ochtú céad déag nó tús an naoú céad déag: *Blackthorn* (ar taifead den chéad uair in 1821), *Carmanhall*, *Carysfort*, *Cherrywood* láimh le Baile Uí Lachnáin (an tagairt is tuisce, 1836), *Foxrock* (an tagairt is tuisce, 1821), *Galloping Green*, *Honeypark*, *Kingstown* nó *Kingston* láimh le Baile an tSaoir, *Lanesville*, *Seapoint*, *Templehill*, *Trimleston*, *Whitehall*, *Wood Park*. Ainmneacha tithe agus diméinte ab ea roinnt de na hainmneacha seo a tugadh ar bhailte fearainn tráth nach bhfuil chomh fada sin siar. Cé gur cosúil le hainm Béarla é *Roebuck* níltear cinnte cén bunús atá leis; féach na samplaí seo a leanas den ainm a fhaightear i bhfoinsí Laidine nó Béarla, *Rabo* (1235; 1530c), *Rebowe* (1547), *Rabuck* (1654) chomh maith leis an sampla Gaeilge, *Reabóg*, ón séú céad déag as an dán molta réamhluaite a cumadh in ómós Aodha mhic Sheaáin Uí Bhroin. Le breathnú ar an ainm baile fearainn *Mountanville*, a scríobhtar de ghnáth mar dhá fhocal ar leith i sráidainmneacha (*Mount Anville Wood* mar shampla), cheapfá ar an gcéad amharc go bhfuil sé doiléir ó thaobh brí de. Taispeánann an sampla seo a leanas den ainm a

fhaightear in *Book of Survey and Distribution* a cuireadh i dtoll a chéile sa dara leath den seachtú céad déag, ‘Mollanstowne alias Mountainstowne’ gur *mountain* i ndáiríre atá sa chéad mhír; is dócha gur as an sloinne Gaelach **Ó Maoláin** a thagann an túsfhocal atá in *Mollanstowne*, agus b’fhéidir gurbh é sin an t-ainm ba thúisce a bhí ar an mbaile fearainn. Ní shamhlófaí leis an mbaile fearainn *Kerrymount*, atá láimh le Carraig an tSionnaigh, gur ainm é a bhfuil aon aois aige ach fan go ndéanfaimid staidéar air. *Kiltikery* an leagan den bhaile fearainn atá ar taifead i gcáipéisí Stáit ón seachtú céad déag, leithéidí *Civil Survey of Co. Dublin* (1654) agus ba é déan Ard-Eaglais Chríost an t-úinéir a bhí air ag an am. Thug Francis Elrington Ball (1902, 107) sa leabhar staire a scríobh sé ar Cho. Bhaile Átha Cliath an méid seo le fios faoi na tailte, ‘originally the property of St. Patrick’s Cathedral’ agus tá leagan níos luaithe den logainm, *Tachkery*, caomhnaithe i gcairt a bhaineann le hArd-Eaglais Phádraig ón mbliain 1213 nó mar sin (White, 1957, 4). Is cosúil mar sin gur **Teach Céire** (< **Ciar**, ainm mná) ba bhunainm do *Kerrymount*. Athraíodh an logainm go **Cill Tí Céire** (= *Kiltykerry*, 1534) mar gheall gur cuireadh an focal

Cill chun tosaigh. Coinníodh an mhír dheiridh den ainm, ina cló Béarlaithe, nuair a cumadh an t-ainm nua, *Kerryfield* i dtús báire (taispeánta ar an léarscáil a rinne Duncan de Bhaile Átha Cliath, 1821) agus athraíodh é go *Kerrymount* ina dhiaidh sin.

Logainmneacha nach ainmneacha riaracháin iad:

Le cois na n-ainmneacha riaracháin, ar nós bailte fearainn agus paróistí, a raibh mé ag cur síos orthu go dtí seo, tá meascán d’ainmneacha stairiúla eile san áireamh ar an liosta sráidainmneacha. Tá siad seo a leanas curtha san áireamh agam faoin gcatagóir seo de logainmneacha nach ainmneacha riaracháin iad, sráidbhailte agus ionaid daonra amhail Baile na nGabhar, Áth an Ghainimh agus An Chéim; ainmneacha geografacha amhail An Dothra, Gleann Bhríde, Binn Trí Charraig agus An Scailp; tobar beannaithe Thobar Ní, chomh maith le hainmneacha éagsúla a thagraíonn d’fhoirgnimh nó do láithreacha stairiúla, leithéidí Cill Tuca agus Caisleán an Phúca. Is léir go bhfuil roinnt de na hainmneacha seo i bhfad níos sine ná a chéile. Gan dabht is seanainm abhann é **(An) Dothra**, ainm Gaeilge nach léir a bhrí ach atá luaite go minic

sa luathlitriocht. Ar an láimh eile is i bhfoinsí ón ochtú céad déag a fhaightear na tagairtí is luaithe do na hainmneacha Béarla *Sandyford* / Áth an Ghainimh agus do *Stepaside* / **An Chéim**. Gan dabht is ainm ón luath-thréimhse é Cill Tuca, ainm láthair eaglasta i ngar do Sheangánach; déantar tagairt don teampall i bhfoinsí eaglasta ó na meánaoiseanna: tá *Celltuca* mar shampla, sa litir a tháinig ón bpápa sa bhliain 1179 ar thagair mé di roimhe seo. Seans gurb ionann an dara cuid den logainm agus an t-ainm pearsanta **Toca** – ainm tearc ón luath-thréimhse – féach mar shampla **Toca mac Áeda**, a dtugtar rí Cualann air, ‘rex Cualann’ (dúiche **Cuala** i ndeisceart Cho. Bhaile Átha Cliath agus iarthuaisceart Chill Mhantáin) in iontráil atá as áit istigh faoin mbliain 477 in Annála Uladh; bhí an **Toca** sin i réim sa chéad leath den seachtú céad de réir mar a deir Smyth (1994, 91-2). Ainm ón mBéarla is ea *Three Rock Mountain* / **Binn Trí Charraig** atá ag tagairt do thrí charnán cloch atá ar a barr (féach Joyce, 1920, 130-2). Mhaígh Seán Ó Donnabháin, an scoláire cáiliúil logainmneacha a mhair sa naoú céad déag, ina eagrán d’Annála na gCeithre Máistrí, gur **Sliabh Ruadh**, atá ar taifead sa téacs úd (faoin mbliain

1549), an seanainm a bhíodh ar an mbeann áirithe seo agus freisin ar ‘the whole range of hills to the south of Dublin’ (O’Donovan, 1856, V 1548, n. f). Ina dhiaidh sin arís thaispeáin an tAthair Paul Walsh (1957, 34), scoláire mór eile logainmneacha, gur ag tagairt don sliabhraon seachas d’aon bheann áirithe a bhí **Sliabh Ruadh**. Is ar an léarscáil a rinne Rocque de Bhaile Átha Cliath (1760) a fhaighimid an tagairt is luaithe, *Puck Castle*, do *Puck’s Castle* / **Caisleán an Phúca** (?) atá suite i mbaile fearainn Ráth Michíl – ceaptar uaireanta gurb é an focal Béarla *puck*, ‘gruagach’, atá sa chéad fhocal (Breatnach, 1993, 63); ón Meán-Bhéarla a tháinig **púca** na Gaeilge. ‘Rocky chasm’ an bhrí atá leis an ainm **An Scailp** / *The Scalp* ar theorainn chontaetha Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin, agus is cur síos cruinn beacht ar an ngleann sin é an t-ainm sin. Luíonn sé le réasún a mheas gur aistriúchán ar logainm Gaeilge, **Gleann Bhríde**, nach bhfuil ar taifead, atá sa logainm *Brides Glen*. Tá an gleann suite taobh thíos de **An Tulaigh**, nó **Tulach na nEaspag** mar a thugtaí air roimhe sin. Tá scéal suimiúil i gcúpla foinse ó ré na Meán-Ghaeilge faoi chuairt a thug seachtar easpag ó **Telach na n-Epscop** ar Naomh Bríd i gCill Dara, mar a ndearna sise

míorúilt (Stokes and Strachan, 1903, 334). Dealraíonn sé ón gcuntas seo go raibh deabhóid do Naomh Bríd seanbhunaithe ar An Tulaigh. Agus ar deireadh, tá cur síos ag Mac Cóil (1977, 17) ar an láthair ar a bhfuil tobar beannaithe *Tobernea* / **Tobar Ní** (?), i ngar d'Ardán Thobar Ní. Rinne scríbhneoirí éagsúla eile, amhail O'Reilly (1902 178 ff.) agus go speisialta Ronan (1941, 28-9, n. 87 agus i scríbhinní eile) iarracht a chruthú go bhfreagraíonn an mhír dheiridh de *Tobernea* don ainm **Naithí** atá in **Teach Naithí**. Ó tharla nach maireann aon luath-thagairtí don tobar, ní féidir bunús an ainm a dheimhniú le haon chinnteacht. B'fhéidir a mheas áfach go raibh an cáilitheoir céanna sa logainm seo is atá in **Ráth Naoi** (nó **Rá(i)th Nuí** roimhe sin) / *Rathnew* i gCo. Chill Mhantáin – ainm pearsanta is ea **Naoi** a tháinig ó **Nóe** na Sean-Ghaeilge. Ar an láimh eile, ó tharla gur tuigeadh go raibh leigheas ar shúile tinne in uisce an tobair, d'fhéadfadh an t-ainm briathartha **ní** (< **nighe**), 'washing', a bheith sa dara cuid den ainm chomh maith.

Baineann fréimhíocht na n-ainmneacha go léir roimhe seo leis na háiteanna dá dtagraíonn siad sa mhéid is go bhfuil a mbunús go dúchasach sna háiteanna a bhfuil a n-ainmneacha orthu. Is

féidir sráidainmneacha a chumadh freisin as ainmneacha ón taobh amuigh, ainmneacha nach mbíonn baint ag a bhfréimhíocht leis an láthair nua a dtagraíonn siad di.

Logainmneacha Sasanacha:

Is logainmneacha Sasanacha ó bhunús gach ceann de na sráidainmneacha seo a leanas i nDún Laoghaire–Ráth an Dúin. Sampla amháin de mhíreanna aicmeacha amhail **Ascaill**, **Cúirt**, **Bóthar** atá tugtha agam i ngach aon chás, más amhlaidh gurb é go gcuirtear leis an mbunainm iad:

Abberley; Cúirt Arkendale;
Garrán Ailesbury; Arundel;
Ashurst; Leamháin Camberley;
Plásóg Charlton; Gairdíní
Cherbury; Cearnóg Belgrave;
Cúirt Briarly; Ascaill Brighton;
Clós Cherrington; Ascaill Clifton;
Cúirt Coundon; Clós Devon; Cúirt
Dorney; Clós Drayton; Brí Eaton;
Ellesmere; Páirc Elton; Faiche
Finsbury; Ardán Guilford; Plásóga
Haddington; Céide Hainault;
Corrán Hampton; Bailtíní Henley;
Gairdíní Hilton; Holmwood /
Coill an Inseáin; Ascaill Islington;
Halla Kelston; Bóthar Knapton;
Coill Lambourne; Céide Ludford;
Bóthar Marlborough; Cúirt
Marsham; Mayfield Terrace

/ Ardán Ghort na Bealtaine; Plás Northcote; Norwood; Lána Rainsford; Faiche Richmond; Ascaill Saintbury; Halla Sefton; Bóthar Shrewsbury; Sloperton; Somerton; Bailtíni Sydenham; Coill Torquay; Tresilian (as Tresillian i gCorn na Breataine, seans); Clós Ulverton (i nDeilginis; as an logainm Sasanach Ulverston, nó b'fhéidir go raibh baint aige le muintir Wolver(s)ton as Stigh Lorgan arbh as Sasana a sinsir agus ar ainmníodh ceann de na caisleáin i nDeilginis ina ndiaidh); Ardán Waltham; Clós Wanford (*recte* Wansford?); Wesbury (Teach Westbury mar a bhíodh); Ard Westerton; Plásóga Westminster; Garrán Weston; Céide Windsor; Woodthorpe; Bealach Wyckham; Eastát Wyvern.

Maidir le líon suntasach de na hainmneacha Sasanacha thuas, *Cherbury* mar shampla, b'ainmneacha iad a bhí tugtha ar thithe i nDún Laoghaire – Ráth an Dúin i dtús báire agus ba thithe iad sin a tógadh san ochtú nó sa naoú céad déag – tá cur síos ag Pearson (1998) ar roinnt mhaith díobh.

Cé gur logainm Sasanach é *Orby*, b'fhéidir gur tugadh Ascaill, Clós,

Radharc Orby (agus mar sin de) mar ainm ar fhorbairt tithíochta atá láimh le Ráschúrsa Bhaile na Lobhar mar go raibh capall cáiliúil ann darbh ainm *Orby*.

Logainmneacha iasachta eile:

Tríd is tríd tá na logainmneacha éagsúla Iodálacha a fheictear sna sráidainmneacha ar eolas ag an bpobal; áirítear Frascati, Maretimo, Marino, Nerano, Otranto, Sorrento agus Tivoli leo sin. Ainmneacha tithe ab ea a bhformhór siúd i dtús ama.

Tig linn freisin an rogha seo a leanas d'ainmneacha iasachta atá ar an liosta sráidainmneacha a chruinniú le chéile faoi na tíortha ar tháinig siad isteach astu:

Ainmneacha as an mBreatain Bheag: Anglesea; Cambria, leagan Laidine de *Cymru* (an t-ainm Breatnaise ar an mBreatain Bheag); Chester; Harlech; Clanmawr in aice le Seanchill ar bunaíodh an t-ainm ar *Llanmaur House* (Pearson, 1998, 42), teach atá leagtha anois – ainmníodh an teach sin as an ainm Breatnaise, *Llanfawr*, a chiallaíonn 'teampall mór'.

Ainmneacha as an bhFrainc: Bellevue; Belmont; Cluny ar tagairt é d'Ord Siúracha Naomh Iósaf

Cluny; Fleurville; Granville; Merville; Montpelier.

Ainmneacha as Albain: Dunedin – leagan Béarla den ainm **Dún Éideann** i nGaeilge na hAlban (agus ar leagan páirtaistrithe é an t-ainm *Edinburgh*); Glenalbyn, an t-ainm ar dhrioglann Albanach a bhíodh ann tráth (as **Gleann Alban** is dócha); Glenavon; Gowrie; Stirling; Strathmore.

Logainm as an bPortaingéil é Lordello agus logainm as an Afraic Theas é Wynberg. Ba é *Albion* (féach *Mount Albion* / **Cnocán Alban** ar an liosta sráidainmneacha) an t-ainm ársa clasaiceach ar an mBreatain agus freagraíonn sé don Ghaeilge **Alba, Albain**.

Tá sraith d’ainmneacha thart ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is ainmneacha ollscoileanna cáiliúla thar lear iad go léir: tá mar a leanas, Harvard, Heidelberg, Louvain, Princeton, Salamanca, Salzburg, Sorbonne agus Yale. Ní gnáthrud é i limistéir uirbeacha in Éirinn go mbeartófaí ar spásphleanáil ainmneacha mar is léir a rinneadh i gcás an dornáin seo d’ainmneacha a bhfuil baint acu le chéile ó thaobh téama de.

Logainmneacha seachtracha Éireannacha:

Is as logainmneacha as codanna eile d’Éirinn a thagann isteach is amach le céad go leith sráidainm. Cloífidh mé le cúpla sampla sa réamhrá seo. Ainmneacha tithe sa limistéar i dtús báire ab ea ionann is an tríú cuid den chatagóir seo d’ainmneacha ar baineadh leas astu ina dhiaidh sin nuair a bhí sráidainmneacha á gcumadh. Ainm baile fearainn i gCo. an Dúin is ea Ardilea / **Ard an Lao**, mar shampla, ach ba é sin freisin ab ainm do theach (atá leagtha anois) a bhíodh gar do Chnoc Mhuirfean (Pearson, 1998, 343); as an ainm seo a cumadh ainmneacha na bhforbairtí tithíochta, *Ardilea Downs* / **Mulláin Ard an Lao** agus *Ardilea Wood* / **Coill Ard an Lao**. Uaireanta is gá dúinn an litriú stairiúil a bhíodh ar ainmneacha a bheith againn chun an ceangal idir sráidainmneacha agus logainmneacha a tugadh isteach a thaispeáint. Cás den sórt is ea *Ballygihen Avenue* / **Ascaill Bhaile Uí Ghaoithín** i gCuas an Ghainimh a ainmníodh as *Ballygihen House*: ó tharla go dtaispeántar sna taifid atá againn gur *Ballygihen* an litriú a bhíodh ar bhaile fearainn *Ballygeehin* / **Baile Uí Ghaoithín** i gCo. Laoise go luath sa naoú céad déag, is léir gur áit i

gCo. Laoise ó bhunús *Ballygihen*. Taispeánann an litriú atá ar *Ophaly Court* / **Cúirt Uíbh Fhailí** láimh le Dún Droma go bhfuil baint aige le barúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar i gCo. Chill Dara. *Ophaly* a scríobhtaí go rialta i bhfoinsí ón seachtú céad déag agus ón ochtú céad déag mar ainm ar an mbarúntacht sin, ainm a tháinig as seantreabhchas Éireannach, **Uí Fhailge**, a bhfuil an bhrí ‘the descendants of **Failge**’ leis; **Uíbh** (foirm thabharthach shioctha) **Fhailí** a scríobhtar inniu. Tá an t-ainm céanna ar Cho. Uíbh Fhailí taobh leis an mbarúntacht réamhráite (ar a dtugtaí **Contae an Rí** tráth). Ainm barúntachta an bunús atá freisin ag *Idrone Terrace* / **Ardán Ó Dróna** ar an gCarraig Dhubh, .i. Uí Dhróna (Thoir agus Thiar) i gCo. Cheatharlach. Sampla eile is ea é de sheanainm treabhchais atá caomhnaithe mar ainm ar bharúntacht. Go stairiúil ba **Ua** / **Ó nDróna** an tuiseal ginideach de **Uí Dhróna**, ach is Ó Dróna an leagan simplithe den ghinideach atá anois sa Nua-Ghaeilge. Ba é an Dr. Henry Kavanagh, an forbróir a thóg an t-ardán tithe seo sa naoú céad déag an té a thug an t-ainm leis as a chontae dúchais, Co. Cheatharlach (Pearson, 1998, 241). Is dhá shampla eile iad seo

a leanas den chaoi ar tugadh logainmneacha as áiteanna eile ar fhorbairtí nua ar an mbealach seo, *Kilcolman* / **Cill Cholmáin** (féach Cúirt Chill Cholmáin ar an liosta sráidainmneacha) agus *Sharavogue* / **Searbhóg**; ainmneacha iad seo a bhíodh ar phéire tithe ‘built around 1879 by a wealthy merchant named Patrick Gleeson ... He came from Co. Offaly where the names ... originated’ (Pearson, 1998, 140).

Tá dhá ghrúpa sráidainmneacha in aice leis an mBaile Breac ar mian liom tagairt dóibh mar go léiríonn siad go ndearnadh pleanáil áirithe ainmneacha nach dtugtar faoi deara (mar a luaigh mé roimhe seo) ach go hannamh inár mbailte agus inár gcathracha. Tá líon áirithe sráideanna le hais a chéile a bhfuil na hainmneacha atá ar oileáin éagsúla ar fud chósta na hÉireann tugtha orthu, mar shampla Bóthar Acla, Clós Reachrann agus araile; ar lochanna in Éirinn a bunaíodh an dara grúpa, mar shampla *Ennel Court* / **Cúirt Loch Ainninn**, *Sheelin Avenue* / **Ascaill Loch Síleann** agus mar sin de.

Ainm tí atá suite i mbaile fearainn Bhaile Uí Mhurchú é *Glencairn*. Níl mé cinnte ar ainmníodh as Gleann an Chairn i gCo. Phort Láirge é nó as Glencairn in Albain. Tá suas le cúig

shráidainm is fiche bunaithe, go dtí seo, ar an ainm seo a bhfuil an-tóir air, leithéidí *Glencairn Chase* / **Fia Ghleann an Chairn**, *Glencairn Garth* / **Goirtín Ghleann an Chairn** agus go fiú *Glencairn Glen* / **Gleann an Chairn** a bhfuil athluaiteachas ann!

Sloinnte, ainmneacha pearsanta agus teidil:

Rinne mé cur síos roimhe seo ar an lear mór samplaí atá ann de shloinnte agus d'ainmneacha pearsanta ar baineadh leas astu chun logainmneacha a chumadh. Ainmneacha pearsanta atá sa struchtúr atá ar a lán sráidainmneacha, nó sloinne go minic, agus de ghnáth mír aicmeach ar a lorg (i mBéarla), mar shampla *Aubrey Grove* / **Garrán Aubrey** nó *Clarinda Park* / **Páirc Clarinda** agus b'fhéidir mír idirdhealaitheach eile fós, mar shampla *Annaville Avenue* / **Ascaill Annville** agus *Annaville Grove* / **Garrán Annville** (as an ainm *Anna*). Seo a leanas cúpla sampla de shráidainmneacha atá i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhfuil sloinnte Sasanacha iontu: *Allen Drive* – i dtaobh an cheangail a bhíodh ag muintir Allen le Stigh Lorgan, ceangal a chuaigh siar go dtí an seachtú céad déag, féach Ball (1902, 120 ff.); *Birch's Lane* / **Lána an Bhirsiogh** i nDún Droma a fuair

a ainm ó Henry Birch a mhair in aice láimhe sna 186oidí (Pearson, 1998, 334); *Domville Grove* / **Garrán Domville** ar an mBaile Breac – tá baint ag muintir Domville le Baile Uí Lachnáin ó 1660 i leith (Ball, 1902, 90 ff.); *Falls Road* / **Bóthar Falls** i Seanchill – tagraíonn Pearson (1998, 25) do 'an interesting Edwardian house called Corbawn' a bhí tógtha ag Thomas Falls san áit seo; *Fosters Avenue* / **Ascaill Foster**, *Fosterbrook* / **Sruthán Foster** agus *The Fosters* (sic) / **Eastát Foster** láimh le Cnoc Mhuirfean – thóg muintir Foster teach anseo san ochtú céad déag. D'fhág úinéirí nó tógálaithe a n-ainmneacha ar thithe freisin, agus tá cuid de na hainmneacha sin le feiceáil fós sna sráidainmneacha. Áirítear leo sin *Berwick Hall* / **Halla Berwick**, *Burton Hall* / **Halla an Bhurtúnaigh**, agus *Castledawson Avenue* / **Ascaill Chaisleán Dhásain** as teach cónaithe a bhíodh ann tráth darbh ainm *Castle Dawson* (Ball, 1903, 27). Tá Braemore (Ascaill, Céide, Bóthar agus araile) ina shampla níos nua-aimseartha ná na hainmneacha eile sin, ar fhorbairt ar fhág na tógálaithe a n-ainmneacha air; is comhcheangal giorraithe dá sloinnte *Brady* agus *Morton* é.

Sráidainm nua-aimseartha é *Rowanbyrn* / **Caorthainn Uí Bhroin** mar a nasctar ainm crainn agus

sloinne Gaelach ina chéile. I mbaile fearainn *Newtown Castlebyrn* / **Caisleán Uí Bhroin** atá sé, baile fearainn arb é *Byrn(e)* as **Ó Broin**, an mhír dheiridh de. Is féidir an t-aicmiú seo a leanas a dhéanamh ar roinnt eile de na daoine a bhfuil a n-ainmneacha i sráidainmneacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: tírghráthóirí Éireannacha, amhail Micheál Mac Dáibhéid (féach Páirc Mhic Dháibhéid) agus Ruairí Mac Easmainn (Bailtíní Mhic Easmainn); polaiteoirí amhail an t-iarchomhairleoir áitiúil George Dixon (Bailtíní Dixon; féach Smith, 2003, 15) chomh maith le duine d' Iar-Uachtaráin na hÉireann, Dubhghlas de hÍde (Páirc an Hídigh); daoine iomráiteacha eile, ar nós John Wesley (Arda Wesley) agus George Johnstone Stoney (Bóthar Stoney); baill de theaghlach Ríoga na Breataine, amhail an Rí Seoirse IV (Sráid Sheoirse) agus an Bhanríon Victoria (Bóthar Victoria); teidil éagsúla, an teideal, easpag, mar shampla (Lána an Easpag láimh le Cill Tiarnáin) agus teidil Shasanacha leithéidí Iarla Mulgrave a bhí ina Fhear Ionaid in Éirinn idir 1835-39 (Sráid Mulgrave; féach Smith, 2000, 46-8). Teidil a bhain le muintir Pakenham, ar thiarnaí talún sa cheantar iad, is ea *Longford* (*Longford Terrace* / **Ardán an**

Longfoirt) agus *Silchester* (*Silchester Road* / **Bóthar Silchester**) araan; is as an mbaile agus as an gcontae Éireannach den ainm céanna é *Longford* agus is logainm Sasanach é *Silchester*.

Tá ainmneacha naomh ar taifead in isteach is amach le seachtó sráidainm atá liostaithe san fhoilseachán seo. I nDeilginis atá Bailtíní Bheagnata agus Clós Chill Bheagnata. Ban-naomh ab ea **Beagnait** (nó **Beagnaid**) a luaitear le Cill Bheagnata ar Oileán Dheilginse. Is in aice le seanteampall Chluain Caoin (nó Cill na Gráinsí) atá Páirc agus Bailtíní Fhiontain. Tá an bhaint a bhí ag Naomh Fiontan leis an gcill seo pléite agam cheana. Leagan millte d'ainm naoimh atá sa mhír thosaigh de *Rocwood*, láimh le Baile na Lobhar. B'ainm tí, *St. Petroc*, a fréamh agus bhí an teach suite san áit chéanna, mar a thaispeántar, mar shampla, ar léarscáil leasaithe na bliana 1936-7 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis (scála sé horlaí sa mhíle). Is é Naomh Petroc, a mhair sa séú céad an naomh is cáiliúla i gCorn na Breataine (Farmer, 1997, 405-6). Ainm cros-síolrach nua-aimseartha é *Rocwood* a cumadh as siolla deiridh ainm an naoimh a chur chun tosaigh ar an ainmfhocal *wood*!

Flora agus Fauna:

Caithfidh mé súil sciobtha ar an rangú seo d'ainmneacha; níl ann ach go ndéarfadh mé gur ainmneacha plandaí, nó go fíorannamh, ainmneacha ainmhithe, atá ar an ochtú cuid de líon iomlán na sráidainmneacha. Is dhá bhaile fearainn sa réigiún iad Gleann na Muc agus Gleann na gCaorach ar ainmneacha ainmhithe na cáilitheoirí atá iontu; ní baile fearainn é *Goatstown* / **Baile na nGabhar** ach is leis an aicme seo a bhaineann sé. Tagairtí do chrainn is mó atá i mbunáite na n-ainmneacha atá sa rangú seo, leithéidí *Cherry Garth* / **Goirtín na Silíní**, *Lindenvale* / **Gleann na Teile**, *Oakton Green* / **Faiche an Dairbhaile**, *Pine Valley Avenue* / **Ascaill Ghleann na Giúise**, *Treesdale* / **Gleanntán na gCrann**. Tá fiche sampla den chineál seo a leanas ar an liosta ainmneacha atá againn: an uimhir iolra de chineál áirithe crainn (nó cnuasainm, ar nós *thicket* / **muine**) agus an t-alt roimhe, amhail *The Aspens* / **Na Crainn Chreathacha**, *The Cedars* / **Na Céadrais**, *The Copse* / **An Rosán**, *The Hawthorns* / **Na Sceacha**, *The Palms* / **Na Pailmeacha**.

Ainmneacha nach léir a mbrí:

Ainmneacha nach léir dúinn a mbrí iad na hainmneacha atá sa rangú deiridh a bhfuil mé ag dul ag tagairt dó. Tá cúpla sampla díobh anseo thíos: Altadore – bhí Price (1938, 149) den bharúil gur de bhunús Sasanach é an t-ainm *Altadore Demesne* i gCo. Chill Mhantáin, contae atá in aice láimhe; *Beulah Court* / **Cúirt Beulah**; *Moreen Avenue* / **Ascaill Moreen**; *Burmah Close* / **Clós Burmah**; *Impex Lane* / **Lána Impex**; *Laurleen*; *Magenta Terrace* / **Ardán Magenta**; *Saval Grove* / **Garrán Saval**; *Torca Road* / **Bóthar Torca**; *Grianan Fídh* / **Fíodh an Ghrianáin** (?); *Olcovar* – as **Ólchobhar**, b'fhéidir, seanainm pearsanta Gaeilge a bhfuil an bhrí 'duine a bhfuil dúil aige sa deoch' leis agus faoi dheireadh, *Fey Yerra*, arb é is dóiche de gur traslitríú i mBéarla atá ann den nath Gaeilge **fé dheireadh!**

Leaganacha Gaeilge:

Tá leaganacha Gaeilge na sráidainmneacha atá greanta ar ainmchláir dhátheangacha sa réigiún á moladh le fada, ó thús an fichiú céad go dtí an lá atá inniu ann. Is mar gheall ar an tréimhse fhada ama sin a fheictear leaganacha Gaeilge de shráidainmneacha ar

